Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16299/23**

**DENLEG 63**
**AGRILEG 330**
**PESTICIDE 66**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 23 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D091951/3 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh nicitín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D091951/3.

Faoi iamh: D091951/3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/1999 Rev. 1
(POOL/E4/2023/1999/1999R1-EN.docx)
D091951/03
[…](2023) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh nicitín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh nicitín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás nicitín, socraíodh uasleibhéil iarmhar (‘MRLanna’) in Iarscríbhinn III, Cuid A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) A mhéid a bhaineann le nicitín i spíosraí ó choirt, spíosraí ó fhréamhacha agus ón riosóm, spíosraí ón mbachlóg, spíosraí ó phistilí bláthanna agus spíosraí arail, socraíodh MRLanna sealadacha ag 0,07 mg/kg le Rialachán (AE) 2023/377 ón gCoimisiún[2] go dtí an 22 Feabhra 2030, go dtí go gcuirfí sonraí agus faisnéis nua isteach maidir le nicitín a bheith ag teacht chun cinn go nádúrtha sna táirgí sin nó a bheith á chruthú go nádúrtha iontu, agus go dtí go ndéanfaí meastóireacht ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis sin.

(3) A mhéid a bhaineann le nicitín i spíosraí ó shíolta agus i spíosraí ó thorthaí, socraíodh MRLanna sealadacha ag 0,05 mg/kg le Rialachán (AE) 2023/1536 ón gCoimisiún[3] go dtí an 22 Feabhra 2030, go dtí go gcuirfí sonraí agus faisnéis nua isteach maidir le nicitín a bheith ag teacht chun cinn go nádúrtha sna táirgí sin nó a bheith á chruthú go nádúrtha iontu, agus go dtí go ndéanfaí meastóireacht ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis sin. Leis an Rialachán sin freisin, socraíodh MRL sealadach le haghaidh nicitín i gcainéal ag leibhéal 0,2 mg/kg, go dtí an 22 Feabhra 2030, go dtí go gcuirfí an fhaisnéis chéanna isteach.

---

1 IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

2 Rialachán (AE) 2023/377 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III, IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóiríd bheansalcóiniam (BAC), clórprófam, clóiríd dédheicildémheitiolamóiniam (DDAC), flutríafóil, meatasaclóir, nicitín, próifeanafos, cuisileafop-P, alúmanaisileacáit sóidiam, tiaibeandasóil, agus trí-aidhémheanóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 55, 22.2.2023, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2023/1536 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh nicitín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 187, 26.7.2023, lch. 6).

(4) Le déanaí, chuir oibreoirí gnó bia sonraí faireacháin sonracha maidir le spíosraí faoi bhráid an Choimisiúin inar léiríodh go bhféadfadh iarmhair a theacht chun cinn sa táirge sin ar leibhéil níos airde ná an MRL sealadach a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2023/377 agus (AE) 2023/1536. Ar bhonn na sonraí níos mionsonraithe sin, mhol an Coimisiún an MRL sealadach a shocrú ar leibhéal 0,3 mg/kg le haghaidh na spíosraí uile, leibhéal a chomhfhreagraíonn don 95ú peircintíl de na torthaí ó na samplaí uile.

(5) Ar bhonn na faisnéise nua sin, rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú nua ar ghéar-riosca (gearrthéarmach) cothúcháin i gcás nicitín i spíosraí agus measúnú nua ar theagmháil ainsealach (fhadtéarmach) le haghaidh tomhaltóirí Eorpacha. Rinne an tÚdarás meastóireacht ar na rioscaí do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, na rioscaí d'ainmhithe, agus thug sé ráiteas maidir leis na MRLanna atá beartaithe[4]. Tháinig sé ar an gconclúid go raibh na modhnuithe ar na MRLanna le haghaidh nicitín i spíosraí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí maidir le hairíonna tocsaineolaíocha nicitín. Le teagmháil fhadtéarmach (ainsealach) leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, agus le teagmháil ghearrthéarmach(géar) trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, léirítear nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.

(6) Ar bhonn na measúnuithe riosca ábhartha ón Údarás agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, tá na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna inghlactha.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2023. Measúnú riosca spriocdhírithe ar uasleibhéil iarmhar le haghaidh nicitín i spíosraí. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 21(10), 1–12. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8372.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*